

## An bunús dlí

Tháinig an CECD i bhfeidhm ag tús 2007. I lár 2009, leasaíodh a chuid rialacha, mar pháirt den Phlean Eorpach Téarnaimh Gheilleagraigh, leis an iomarcaíocht mar gheall ar an ngéarchéim airgeadais agus eacnamaíochta a chur san áireamh.

Tagairt:

Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 maidir le bunú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (Iris Oifigiúil an AE, L 48 an 22.2.2008, Ich 82), arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 546/2009 (Iris Oifigiúil an AE, L 167 an 29.6.2009, Ich 26).

Европейски фонд за приспособяване към глобализацията  
Fondo Europeo de Adaptación a la Globalización  
Evropský fond pro přizpůsobení se globalizaci  
Den Europæiske Fond for Tilpasning til Globaliseringen  
Europäischer Fonds für die Anpassung an die Globalisierung  
Globaliseerumisega Kohanemise Euroopa Fond  
Ευρωπαϊκό Ταμείο Προσαρμογής στην Παγκοσμιοποίηση  
European Globalisation Adjustment Fund  
Fonds européens d'ajustement à la mondialisation  
Ciste Eorpach um Choigeartuithe de bharr Domhandaithe  
Fondo europeo di adeguamento alla globalizzazione  
Eiropas Globalizācijas pielāgošanas fonds  
Europos prisitaikymo prie globalizacijos padarinių fondas  
Európai Globalizációs Alkalmazkodási Alap  
Fond Ewropew ta' agğustament għall-globalizzazzjoni  
Europees Fonds voor aanpassing aan de globalisering  
Europejski Fundusz Dostosowania do Globalizacji  
Fundo Europeu de Ajustamento à Globalização  
Fondul European de Ajustare la Globalizare  
Európsky fond na prispôsobenie sa globalizácii  
Evropski sklad za prilagoditev globalizaciji  
Euroopan globalisaatorahasto  
Europeiska fonden för justering för globaliseringseffekter

## An bhfuil tú ag iarraidh tuilleadh eolais?

Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin CECD an Choimisiúin Eorpaigh:  
[www.ec.europa.eu/egf](http://www.ec.europa.eu/egf)

Ar an suíomh seo gheobhaidh tú:

- Rialachán an CECD in 22 teanga an AE
- Míniú gairid faoin gCiste agus faoi mar a oibríonn sé
- Foirm iarratais faoi choinne cabhrach ón CECD
- Treoir d'iarratasóirí
- Faisnéis faoi na hiarratais go léir a fuarthas, a faomhadh agus a diúltaíodh
- Samplaí de ghníomhaíochtaí a mhaoinítear tríd an CECD
- Eolas teagmhála

Is í Ard-Stiúrthóireacht Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna a riarann an CECD taobh istigh den Choimisiún Eorpach.

An Ard-Stiúrthóireacht Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna  
Unit EGF, Innovation (EMPL/B4)  
European Commission  
B-1049 Brussels  
BELGIUM

Le haghaidh eolais breise faoin CECD déan teagmháil le:  
[empl-egf-info@ec.europa.eu](mailto:empl-egf-info@ec.europa.eu)

© Comhphobail Eorpacha 2010

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.




Oifig na bhFoilseachán

KE-31-09-244-GA-N


# CECD

## AN CISTE EORPACH UM CHOIGEARTÚ DON DOMHANDÚ

### Post cailte agat? B'fhéidir go bhféadfadh an CECD cabhrú leat



An Coimisiún Eorpach



*“Is í an dlúthpháirtíocht bunús an Aontais Eorpaigh. Is í an fhreagairt is dual dúinn dul i gcabhair orthu siúd atá i gcruachás agus beart cinntitheach a dhéanamh le dul i ngleic le héifeacht na géarchéime ar an bhfostaíocht. Tá an CECD ar cheann de na dóigheanna ina bhfuil an tAE ag cuidiú le hoibrithe iomarcacha filleadh ar an obair”*

*An tUachtarán José Manuel Barroso*

Tráth a bhíonn fás sa gheilleagar ann, is mór an sochar a dhéanann an domhandú d’fhormhór na ndaoine san AE, ach is féidir éifeachtaí diúltacha a bheith aige freisin, go háirithe do na hoibrithe is leochailí agus is lú atá cáilithe agus do na hearnálacha ar troime an éifeacht orthu de bharr na géarchéime airgeadais agus eacnamaíochta atá inniu ann.

Tá an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) mar pháirt de fhreagairt na hEorpa ar an ngéarchéim airgeadais agus eacnamaíochta, agus tá de chuspóir aige cuidiú a thabhairt do shaoránaigh na hEorpa a chaill a bpost de bharr éifeachtaí diúltacha an domhandaithe, nó de bharr na géarchéime domhanda eacnamaíche atá ann faoi láthair, trí mheán tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag tabhairt faoi fhilleadh ar an obair go gasta. Dírionn an Ciste go háirithe ar na hoibrithe siúd a fágadh iomarcach iad de bharr athruithe i ngréasáin na trádála domhanda agus de bharr na géarchéime domhanda airgeadais agus eacnamaíche chomh maith.

## **Tacaíocht d’oibrithe a mhaoiniú**

Bunaíodh an CECD le tacaíocht aonair a mhaoiniú ar son oibrithe. Dírionn an Ciste ar ghníomhaíochtaí a cheaptar go speisialta chun cuidiú a thabhairt d’oibrithe post a fháil arís chomh luath agus is féidir.

## **Cé atá incháilithe?**

Tugann an CECD tacaíocht d’oibrithe aonair. Tá sé ar fáil do gach aon oibrí san AE a chaill a phost de bharr an domhandaithe nó de bharr na géarchéime domhanda airgeadais agus eacnamaíochta – is cuma cén tír nó cén réigiún as a bhfuil sé nó cén cineál cuideachta a mbíonn siad ag obair ann. Ní thugann sé tacaíocht do na cuideachtaí atá i gceist.

Cuireann an CECD leis an tacaíocht a thugtar ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Ní fhuascaíonn sé cuideachtaí óna gcuid oibleagáidí de réir an dlí náisiúnta nó de réir comhaontuithe comhchoiteanna. Is féidir cur isteach ar an CECD nuair a chailleann breis is 500 oibrí a bpost agus, i gcásanna sonracha, nuair atá líon níos lú oibrithe i gceist freisin.

Féadann Ballstáit cur isteach ar chabhair ón CECD thar ceann na n-oibrithe agus is orthusan an fhreagracht as cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí a mhaoinítear. Tá ar na Ballstáit na gníomhaíochtaí seo a chur i gcrích faoi cheann 24 mí ón iarratas ar chabhair.

Féadann an CECD suas le €500 milliún in aghaidh na bliana ar fud an AE a chómhaoiniú, agus a chomhoiread le soláthar ag na Ballstáit faoi seach.

## **Seo roinnt samplaí de ghníomhaíochtaí a mhaoinítear:**

- 1** **Cuidiú le post a chuardach, gairmthreoir, oiliúint agus athoiliúint fheiliúnach agus oiliúint ar theicneolaíochtaí faisnéise nua ina measc, teastasú na taithí a fhaightear, cuidiú le seachshocrúcháin agus cur chun cinn fiontraíochta nó tacaíocht d’fhéinfhostaíocht.**
- 2** **Bearta speisialta go ceann tréimhse teoranta, ar nós liúntas le post a chuardach, liúntas gluasteachta nó liúntas do dhaoine aonair a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil; agus bearta a spreagann oibrithe faoi mhíbhuntáiste nó oibrithe breacaosta go háirithe fanacht sa mhargadh saothair nó filleadh air.**